# Maoiniú Státchiste do

# Pháirtithe Polaitíochta sa

# bhliain 2019

*Tuarascáil chuig Cathaoirleach*
*Dháil Éireann de bhun alt 4(1)*
*den Acht Toghcháin, 1997*

Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí
Standards in Public Office Commission

**An Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí**
**6 Ardán Phort an Iarla**
**Baile Átha Cliath 2**
**D02 W773**

**Teileafón: (01) 6395666**
**Ríomhphost: info@sipo.ie**
**Suíomh Gréasáin: www.sipo.ie**
**Twitter: @SIPOCIreland**

**Nollaig 2020**

# Clár Ábhar

Brollach ........ 1
Caibidil 1: Réamhrá ........ 2
Caibidil 2: Na Cuspóirí a gcuirtear maoiniú Státchiste ar fáil ina leith ........ 4
Caibidil 3: Ráitis Chaiteachais faoi Mhaoniú Státchiste agus Tuasascálacha Iniúchóra gaolmhara a thabhairt ........ 5
Caibidil 4: Ráitis Chaiteachais faoi Mhaoiniú Státchiste a fhoilsiú ........ 7
Aguisín: Sonraí faoi mhaoiniú agus caiteachas ........ 8

# Brollach

D’iarr an Coimisiún um Chaighdeáin orm an tuarascáil seo a chur faoi bhráid an Chinn Chomhairle de réir alt 4(1) den Acht Toghcháin, 1997, arna leasú. Baineann an tuarascáil le Ráitis Chaiteachais bhliantúla faoi Mhaoiniú Státchiste agus le Tuarascálacha Iniúchóirí Poiblí gaolmhara i ndáil leis an mbliain 2019 ar thug páirtithe polaitíochta cáilithe iad don Choimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí de bhun alt 20 den Acht.

Sherry Perreault
Ceannasaí Eitice agus Rialála Brústocaireachta
Rúnaí an Choimisiúin
Nollaig 2020

# Caibidil 1: Réamhrá

Baineann an tuarascáil seo le ráitis chaiteachais faoi mhaoiniú Státchiste agus le tuarascálacha iniúchóirí poiblí gaolmhara (dá ngairtear “na ráitis” i dteannta a chéile anseo) i ndáil leis an mbliain 2019 ar thug páirtithe polaitíochta cáilithe iad don Choimisiún.

Déanfaidh an Coimisiún um Chaighdeáin breithniú ar gach ráiteas den sórt sin a thugtar dó agus, nuair is cuí leis déanamh amhlaidh, tabharfaidh sé tuarascáil i scríbhinn do Chathaoirleach Dháil Éireann (an Ceann Comhairle) ar aon ábhar a d’fhéadfadh teacht aníos.

D’fhonn cáiliú le haghaidh maoiniúcháin faoin Acht Toghcháin, 1997, arna leasú (an tAcht), ní foláir go bhfuil páirtí polaitíochta ar áireamh i gClár na bPáirtithe Polaitíochta agus go bhfuair sé 2% ar a laghad de na vótaí chéad rogha san olltoghchán ba dhéanaí don Dáil. Bunaithe ar na torthaí ar olltoghchán na Dála sa bhliain 2016, cháiligh ocht bpáirtí polaitíochta le haghaidh maoiniú Státchiste faoin Acht sa bhliain 2019: Fianna Fáil, Fine Gael, an Comhaontas Glas, Páirtí an Lucht Oibre, Renua, Sinn Féin, na Daonlathaithe Sóisialta agus Dlúthpháirtíocht – Pobal roimh Bhrabús.

Íoctar na suimeanna seo le gach páirtí polaitíochta cáilithe gach bliain:

a) Méid ráta chomhréidh ar fiú €126,974 é agus
b) Sciar de shuim bhliantúil a socraíodh ag €3,809,214 sa bhliain 2001 agus a méadaíodh de réir méaduithe ginearálta pá sa státseirbhís.

B’ionann ciste 2019, an méid ráta chomhréidh san áireamh, agus €5,963,992. Cinntear an sciar den chiste atá iníoctha le páirtí polaitíochta cáilithe ach na vótaí chéad rogha a fuair an páirtí cáilithe a chur in iúl mar chéatadán d’iomlán na vótaí chéad rogha a fuair na páirtithe polaitíochta cáilithe go léir.

Tá sonraí faoi na híocaíochtaí a rinneadh leis na páirtithe polaitíochta cáilitheacha i leith na bliana 2019 le feiceáil i dTábla 1 den Aguisín.

## Caibidil 2: Na cuspóirí a gcuirtear maoiniú Státchiste ar fáil ina leith

Mar a fhoráiltear dó in alt 18 den Acht, ní mór cistí Státchiste arna bhfáil ag páirtithe cáilithe a úsáid mar a fhoráiltear dó leis an dlí. Foráiltear leis sin go bhféadfar an maoiniú a úsáid i dtaca le “déanamh agus bainistiú ginearálta ghnóthaí an pháirtí agus saothrú dleathach ceann ar bith dá chuid cuspóirí”. Gan dochar do ghinearáltacht na forála sin, sonraítear sa reachtaíocht go bhféadfar an maoiniú a úsáid le haghaidh ceann ar bith nó gach ceann de na nithe seo a leanas:

- riarachán ginearálta an pháirtí,
- taighde, oideachas agus oiliúint,
- ceapadh beartais,
- comhordú na ngníomhaíochtaí de chuid chraobhacha agus chomhaltaí an pháirtí,
- rannpháirtíocht na mban a chur chun cinn, agus
- rannpháirtíocht na ndaoine óga a chur chun cinn.

Ní fhéadfar an maoiniú a fuarthas a chur i bhfeidhm i ndáil le speansais toghcháin ná i ndáil le speansais reifrinn. Ní fhéadfar é a úsáid chun speansais den sórt sin a aisghabháil ach oiread. Éilíonn an Coimisiún ar oifigigh iomchuí a shonrú cé acu a úsáideadh nó nár úsáideadh an maoiniú chun críocha toghcháin nó reifrinn. Shonraigh gach duine den ochtar oifigeach iomchuí nár úsáideadh an maoiniú chun na gcríoch sin sa bhliain 2019.

Seachas na toirmisc ar úsáid an mhaoinithe i dtaca le speansais toghcháin nó le speansais reifrinn, ní thugtar ach sonrú an-ghinearálta san Acht faoi conas a d’fhéadfaí an maoiniú a úsáid. Go háirithe, ní dhéantar tagairt san Acht do chaiteachas caipitil ná do chaiteachas reatha agus ní shonraítear ann cé acu ba cheart caiteachas an mhaoiniúcháin a fhaightear a bheith bainteach le caiteachas caipitil nó le caiteachas reatha. Níl aon fhoráil dhlíthiúil ann ach oiread maidir le huainiú úsáid an mhaoinithe agus maidir le cé acu ba cheart nó nár cheart é a thabhairt ar ais mura n- úsáidtear é. Tá an Coimisiún den tuairim go bhfuil gá ann le tuilleadh soiléire ina leith sin.

## Caibidil 3: Ráitis Chaiteachais faoi Mhaoniú Státchiste agus Tuasascálacha Iniúchóra gaolmhara a thabhairt

Ní mór d'oifigeach iomchuí gach páirtí cáilithe ráiteas a thabhairt don Choimisiún á rá gur úsáideadh an maoiniú a fuarthas i leith na bliana tuairiscithe le haghaidh roinnt de na cuspóirí dá dtagraítear in alt 18, nó le haghaidh gach ceann díobh. Ní mór na nithe iarbhír ar úsáideadh an maoiniú ina leith á lua freisin, lena n-áirítear na suimeanna a úsáideadh le haghaidh rannpháirtíocht na mban agus daoine óga i ngníomhaíocht pholaitiúil a chur chun cinn. Ní mór an ráiteas a bheith iniúchta ag iniúchóir poiblí agus ní mór cóip de thuarascáil an iniúchóra a thabhairt don Choimisiún i dteannta an ráitis.

Ní dhéanfar aon íocaíocht le páirtí cáilithe tar éis an 30 Aibreán i mbliain ar bith seachas má dhéantar na nithe seo agus go dtí go ndéantar iad -

,

(i) tugan an páirtí don Choimisiún, Ráiteas Caiteachais faoi Mhaoniú Státchiste agus an Tuarascáil Iniúchóra Reachtúil ghaolmhar agus Ráiteas Síntiúis agus Dearbhú Reachtúil (a cheanglaítear faoi alt 24(1)(b) den Acht), agus

(ii) tugann an Coimisiúna cóip de na ráitis seo don Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus deimhníonn sé gur comhlánaíodh iad de réir fhorálacha ábhartha na reachtaíochta agus na dtreoirlínte atá foilsithe ag an gCoimisiún um Chaighdeáin.

Cuireadh in iúl don Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe gur chuir seacht bpáirtí a Ráitis Chaiteachais faoi Mhaoniú Státchiste ar fáil mar aon leis an Tuarascáil Iniúchóra Reachtúil ghaolmhar don bhliain 2019. Maidir le Renua, áfach, ní raibh a Ráiteas Caiteachais faoi Mhaoniú Státchiste ná an Tuarascáil Iniúchóra Reachtúil ghaolmhar don bhliain 2019 curtha isteach aige faoin spriocdháta 30 Aibreán 2020. Agus é seo á scríobh, ní bhfuarthas an tuairisceán sin fós.

Tá an Coimisiún an-bhuartha nár éirigh le Renua a ndualgais reachtúla a chomhlíonadh i ndáil le míniú a thabhairt ar airgid phoiblí a sholáthraíodh dó mar pháirtí cáilithe. Tá sé foráilte faoin dlí má chliseann ar pháirtí cáilithe Ráiteas Caiteachais faoi Mhaoniú Státchiste agus an Tuarascáil Iniúchóra Reachtúil a chur ar fáil, ní íocfar tuilleadh maoiniúcháin Státchiste leis an bpáirtí sin go dtí go mbeidh sé i gcomhréir lena ndualgais i ndáil leis seo.

Sa chás seo, ba lú ná 2% líon iomlán na vótaí céadrogha a fuair iarrthóirí Renua ag an olltoghchán i Feabhra 2020, scríofa mar chéatadán de líon iomlan na vótaí céadrogha a fuair na hiarrthóirí go léir sa toghchán sin, ní páirtí cáilithe é an páirtí a

thuilleadh agus ní dhéanfar aon íocaíochtí eile leis. Dá bharr sin, ní féidir gníomhú i gcoinne Renua toisc nár chloí sé lena ndualgais.

## Caibidil 4: Raitis Chaiteachais faoi Mhaoniú Státchiste a fhoilsiú

Thug an Coimisiún don Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe cóip de na Ráitis Chaiteachais faoi Mhaoiniú Státchiste agus na Tuarascálacha Iniúchóirí Poiblí gaolmhara a fuarthas i ndáil leis an mbliain 2019. Dheimhnigh an Coimisiún don Aire gur comhlánaíodh na ráitis sin de réir treoirlínte arna n-eisiúint ag an gCoimisiún agus go gcomhlíonann siad na forálacha ábhartha den Acht.

Chuir an Coimisiún na ráitis a thug páirtithe polaitíochta cáilithe faoi bhráid an dá Theach den Oireachtas inniu. Tá na cáipéisí ar fáil ar shuíomh gréasáin an Oireachtais www.oireachtas.ie agus ar shuíomh gréasaín an Choimisiúin ag www.sipo.ie.

Tá sé riachtanach de réir alt 73 den Acht go gcuifí na cáipéisí ar fáil le haghaidh scrúdaithe phoiblí in oifigí an Choimisiúin ag 6 Ardán Phort an Iarla, Baile Átha Cliath 2, D02 W773. I bhfianaise na paindéime COVID-19 faoi láthair, ní féidir dul isteach in oifigí an Choimisiúin. Mar sin, ní féidir scrúdú poiblí a chur ar fáil. Is féidir cóipeanna a chur ar fáil má chuirtear iarratas isteach go dtí an Coimisiún le ríomhphost chuig info@sipo.ie nó trí ghlaoch a chur ar (01) 639-5666.

## Aguisín: Sonraí faoi mhaoiniú agus caiteachas

### Tábla 1 Maoiniú a fuair páirtithe polaitíochta cáilithe sa bhlaiin 2019*

| Páirtithe Polaitíochta Cáilithe | Iomlán an mhaoinithe a fuarthas do 2019 €000 | Suim an mhaoinithe a tugadh ar aghaidh ó 2018 €000 | Iomlán foriomlán an mhaoinithe a bhí ar fáil lena chaitheamh do 2019 €000 | Caiteachas iomlán an mhaoinithe do 2019 €000 | Iarmhéid an mhaoinithe a tugadh ar aghaidh go 2020 €000 |
|---|---|---|---|---|---|
| **Fianna Fáil** | 1,593,126 | 312,888 | 1,906,014 | 1,779,957 | 126,057 |
| **Fine Gael** | 1,663,390 | 505,663 | 2,169,053 | 2,078,260 | 90,793 |
| **An Comhaontas Glas** | 290,759 | 47,610 | 338,369 | 385,979 | — |
| **Páirtí an Lucht Oibre** | 524,809 | 519,561 | 1,044,370 | 573,164 | 471,206 |
| **Renua** | 258,596 | 114,147 | 372,743 | n/f | n/f |
| **Sinn Féin** | 960,746 | 397,940 | 1,358,686 | 624,831 | 733,855 |
| **Na Daonlathaithe Sóisialta** | 308,078 | 35,766 | 343,844 | 315,742 | 28,102 |
| **Dlúthpháirtíocht/Pobal roimh Bhrabús** | 364,487 | 34,540 | 399,027 | 391,178 | 7,849 |
| **Iomlán** | **5,963,992** | **1,968,115** | **7,932,107** | **6,149,112** | **1,457,862** |

n/f – níl sé ar fáil

**D'fhéadfadh sé nach ionann na suimeanna iomlána de bharr slánaithe a bheith déanta orthu.*

### Tábla 2 Sonraí maidir le Maoiniú Státchiste don bhliain 2019 a fuarthas ó pháirtithe*

| Páirtithe Polaitíochta Cáilithe | Riarachán Ginearálta €000 | Taighde, Oideachas agus Oiliúint €000 | Ceapadh Beartais €000 | Comhordú Craobhacha agus Comhaltaí €000 | Rannpháirtíocht na mBan €000 | Rannpháirtíocht Daoine Óga €000 | Iomlán €000 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Fianna Fáil** | 985,428 | 255,872 | 65,000 | 405,087 | 41,261 | 27,309 | **1,779,957** |
| **Fine Gael** | 861,060 | 49,452 | 15,919 | 1,029,261 | 84,159 | 38,409 | **2,078,260** |
| **An Comhaontas Glas** | 273,583 | – | – | 59,598 | 500 | 4,687 | **338,368** |
| **Páirtí an Lucht Oibre** | 441,942 | – | 54,525 | – | 32,190 | 44,507 | **573,164** |
| **Renua** | n/f | n/f | n/f | n/f | n/f | n/f | **n/f** |
| **Sinn Féin** | 374,344 | 8,837 | 10,146 | 137,531 | 54,629 | 39,344 | **624,831** |
| **Na Daonlathaithe Sóisialta** | 216,928 | – | 21,350 | 75,463 | – | 2,001 | **315,742** |
| **Dlúthpháirtíocht/Pobal roimh Bhrabús** | 55,788 | 6,271 | 5,320 | 323,799 | – | – | **391,178** |
| **Iomlán** | **3,209,073** | **320,432** | **172,260** | **2,030,739** | **212,739** | **156,257** | **6,101,500** |

n/f – níl sé ar fáil

**D'fhéadfadh sé nach ionann na suimeanna iomlána de bharr slánaithe a bheith déanta orthu*